

Céard iad na buntáistí a bhaineann le Measúnacht Tionchair Cosanta Sonraí (DPIA) a dhéanamh?

Trí DPIA a dhéanamh, beidh feasacht níos mó ag lucht d'eagraíochta ar na baoil cosanta sonraí a bhaineann le tionscadal. Cabhróidh sé seo le leagan amach do thionscadail a fheabhsú agus cuirfidh sé leis an gcumarsáid a dhéanann tú le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le baoil i ndáil le príobháideachas sonraí. Seo a leanas cuid de na buntáistí a bhaineann le DPIA a dhéanamh:

Chun a chinntiú go bhfuil d'eagraíocht ag comhlíonadh an GDPR agus go seachnaíonn sí smachtbhannaí, agus chun é sin a léiriú.

Chun a chinntiú nach bhfuil baol ann go ndéanfar cearta cosanta sonraí d'úsáideoirí a shárú.

Costais Oibriúcháin a laghdú trí shruthanna faisinéise laistigh de thionscadal a bharrfheabhsú agus trí dheireadh a chur le bailiú sonraí agus próiseáil sonraí nach bhfuil gá leo.

Muinín an phobail san eagraíocht a mhéadú trí chumarsáid i ndáil le ceisteanna cosanta sonraí a fheabhsú.

D'eagraíocht a chumasú le "cosaint sonraí trí dhearadh" a chur san áireamh maidir le tionscadail nua.

Laghdú a chur ar chostas cosaintí cosanta sonraí agus ar chomh mór is a chuirtear isteach ar na cosaintí sin trí iad a chomhtháthú i ndearadh tionscadail ag céim luath.

Laghdú a chur ar na baoil do d'eagraíocht a bhaineann le cosaint sonraí.

Is ionann cosaint sonraí trí dhearadh agus gnéithe príobháideachais sonraí agus teicneolaíochtaí a fheabhsaíonn príobháideachas sonraí a leabú go díreach i ndearadh na dtionscadal luath sa phróiseas. Cuideoidh sé seo le cosaint níos fearr agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de a chinntiú do phríobháideachas sonraí daoine aonair. Dé réir cosaint sonraí mar réamhshocrú, ní mór socruithe seirbhíse a bheith ag teacht le cosaint sonraí go huathoibríoch. Cé gur moladh an dá phriónsabal seo mar dhea-chleachtas le fada an lá, tá siad cumhdaithe sa dlíanois faoin GDPR (Alt 25).